



**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0221(NLE)**

**ACP 86
WTO 103
RELEX 1223
COAFR 292**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú

CINNEADH (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt
a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche
idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile,
maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4),
i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Shinigh an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile¹ ('an Comhaontú') de bhun Chinneadh (AE) 2016/1623 ón gComhairle². Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas, de pháirt, agus an Bhotsuáin, Eswatini, Leosóta, an Namaib agus an Afraic Theas, den pháirt eile, ó bhí an 10 Deireadh Fómhair 2016 ann, agus idir an tAontas agus Mósaimbíc ó bhí an 4 Feabhra 2018 ann.
- (2) De bhun Airteagal 94(1) den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil agus Forbairt, dá bhforáiltear in Airteagal 103 den Chomhaontú, le liosta a bhunú de 21 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe ('liosta na n-eadránaithe'). Trí bhíthin Chinneadh Uimh. 1/2019 an 18 Feabhra 2019³, bhunaigh an Coiste Trádála agus Forbartha liosta na n-eadránaithe.
- (3) Chun feidhmiú ceart an sásra um réiteach díospóidí dá bhforáiltear i gCuid III den Chomhaontú a áirithiú agus chun an líon íosta eadránaithe atá ar fáil a chaomhnú, ba cheart don Choiste um Thrádáil agus Forbairt liosta na n-eadránaithe a ionadú.

¹ IO L 250, 16.9.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/1623/oj.

² Cinneadh (AE) 2016/1623 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2016 maidir le siniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit SADC EPA, den pháirt eile (IO L 250, 16.9.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1623/oj>).

³ Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gCoiste Trádála agus Forbartha arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit SADC EPA, den pháirt eile an 18 Feabhra 2019 maidir le liosta eadránaithe a bhunú (IO L 70, 12.3.2019, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2019/391/oj>).

- (4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag Cinneadh an Choiste Trádála agus Forbartha, má ghlactar é.
- (5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bhunú maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, maidir le liosta na n-eadránaithe a ionadú, beidh sé bunaithe ar an dhréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil agus Forbairt atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
